Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2018
(OR. en)

8401/2/18
REV 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0100 (COD)

CODEC 644
AGRILEG 62

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 24 Márta 2014, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 15 Eanáir 2015[2]. D'eisigh Coiste na Réigiún a thuairim ar an 21 Eanáir 2015[3].

---

1 7956/14.
2 IO C 12, 15.1.2015, lch. 75.
3 IO C 19, 21.1.2015, lch. 36.

3. Ar an 19 Aibreán 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

4. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 62/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an tSlóvaic, an Liotuáin agus an Chipir ag vótáil ina choinne, agus an Bheilg agus an Ungáir agus an Ostair ag staonadh ón vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[4] 8060/1 REV 1.